Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director of Corporate Enforcement

# FOILSÍONN OSFC TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

D'fhoilsigh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach inniu Tuarascáil Bhliantúil OSFC maidir le 2020[1].

**COVID-19**
Clúdaíonn Tuarascáil na bliana seo tréimhse a raibh éigeandáil sláinte poiblí gan fasach sa chuid is mó di. D'ainneoin na mbeart a bhí riachtanach don Rialtas a thabhairt isteach mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19, d'fhan an OSFC ag feidhmiú go hiomlán ar fud. Cé, de réir na treorach sláinte poiblí, go raibh foireann na hOSFC den chuid is mó ag gabháil do chleachtais iargúlta oibre, bhí láithreacht fhisiciúil leanúnach ag teastáil ó ghníomhaíochtaí áirithe, mar oibríochtaí imscrúdaithe coiriúla.

I mí Meithimh 2020, d'eisigh an Stiúrthóir Ráiteas[2] mionsonraithe ag leagan amach cur chuige dóchúil na hOSFC maidir lena feidhmeanna a bhaineann le dócmhainneacht lena n-áirítear, go háirithe, Srianadh stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha. Dearadh é seo chun imní a mhaolú maidir leis an gcaoi a bhféadfadh OSFC dul i mbun measúnú ar iompar stiúrthóirí cuideachtaí a théann faoi leachtú dócmhainneach ina dhiaidh sin mar thoradh ar éifeachtaí COVID-19. Fáiltíodh go forleathan roimh an Ráiteas sin agus admhaíodh gur thug sé leibhéal iomchuí dearbhaithe do na stiúrthóirí cuideachta sin a bhféadfadh a ngnó a bheith dócmhainneach ar chúiseanna dlisteanacha.

Ina theannta sin, ghlac an ODCE, trína bhallraíocht sa Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí ("GADC"), páirt i bhforbairt roinnt leasuithe ar dhlí na gcuideachtaí a tugadh isteach chun cuid de na dúshláin atá roimh chuideachtaí agus a stiúrthóirí sa timpeallacht reatha a mhaolú. Ina measc seo tá an mheicníocht SCARP[3] atá beartaithe, atá á chur chun cinn ag an Rialtas faoi láthair.

**FORFHEIDHMIÚ**
Saothraíonn an OSFC straitéis faoina bhfuil a acmhainní forfheidhmithe dírithe go príomha ar éagóir amhrasta a imscrúdú ag ceann níos tromchúisí an speictrim. Dá réir sin, is gnách go mbíonn acmhainní imscrúdaithe coiriúla na hOSFC dírithe ar imscrúduithe níos mó agus níos casta. Mar thoradh orthu seo, de ghnáth, cuirtear comhaid faoi bhráid an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú i dtaobh ar cheart cúisimh a dhíriú ar díotáil. Mar sin féin, ordaíonn an Stiúrthóir freisin, nuair a mheastar go bhfuil sé iomchuí, an t-ionchúiseamh achomair ar chionta líomhnaithe a stiúradh. Tá imlíne thíos ar ghníomhaíocht forfheidhmithe coiriúil le linn 2020:

- cuireadh comhaid faoi bhráid an SIP maidir le ceithre imscrúdú ar leith;
- d'ordaigh an Stiúrthóir cúiseamh a dhéanamh, nó eile, maidir le trí imscrúdú ar leith;
- fuarthas treoracha ón SIP go ndéanfar cúiseamh, nó eile, maidir le trí imscrúdú ar leith;
- ag eascairt as atá thuas, rinneadh 45 cúiseamh choiriúla san iomlán in aghaidh cúigear ar leith; i.e., maidir le cionta líomhainte de chineál:

[1] Tá an tuarascáil le fail ag https://www.odce.ie/ga-ie/foilseacháin/corparáideachreachtúla.aspx
[2] https://www.odce.ie/Portals/0/Documents/Functions/Covid_Statement_4_June_2020.pdf
[3] "Small Company Administrative Rescue Process" (Próiseas Tarrthála Riaracháin Cuideachtaí Beaga)

- trádáil chalaoiseach[4];
- sciúradh airgid[5];
- goid[6];
- faisnéis bhréagach a sholáthar[7];
- Ordú Srianta a shárú[8]; agus
- ag gníomhú faoi threoracha duine srianta[9].

Mar thoradh ar an méid sin roimhe seo rinneadh 12 chiontú coiriúla, agus fuarthas gach ceann acu ar bhonn pléadálacha ciontach a bheith taifeadta ag na daoine cúisithe.

Cuireadh roinnt imscrúduithe mórscála eile ar aghaidh d'fhonn comhaid a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

I réimse an fhorfheidhmithe shibhialta, le linn 2020:

- tar éis scrúdú ODCE ar bheagnach 700 tuarascáil reachtúil leachtaitheoirí, cuireadh srian nó dícháiliú ar 61 stiúrthóir cuideachta mar thoradh ar a n-iompar mar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha (56 trí ghnóthais reachtúla a cuireadh ar fáil don OSFC agus 5 eile de bhun iarratais leachtaitheoirí chuig an Ard-Chúirt);
- dícháilíodh 18 stiúrthóir cuideachta eile (trí ghnóthais reachtúla chuig an ODCE) a d'eascair as imscrúduithe OSFC ar chuideachtaí ar cheadaigh a stiúrthóirí iad a scriosadh as Clár na gCuideachtaí mar gheall ar mhainneachtain tuairisceáin reachtúla a chomhdú leis an gCláraitheoir agus iad a bheith acu fiacha suntasacha gan íoc;
- ceartaíodh iasachtaí stiúrthóirí neamhdhleathacha ar luach comhiomlán beagnach €6m de bhun idirghabháil na hOSFC;
- mar chur chuige cost-éifeachtach agus comhréireach i leith cineálacha áirithe sáruithe a cuireadh in iúl, eisíodh rabhaidh do 28 cuideachta agus a stiúrthóirí san iomlán.

## IMSCRÚDUITHE SA RÉIMSE POIBLÍ

*Cumann Peile na h-Éireann (Football Association of Ireland - "FAI")*
Lean imscrúdú na hOSFC ar ábhair a bhaineann leis an FAI i rith na bliana. Rinneadh roinnt iarratas agus láithrithe Ard-Chúirte i rith na bliana a bhain le doiciméid a gabhadh ar bhun barántais agus ar tugadh dearbhuithe faoi phribhléid ghairmiúil dlí chun cinn ina leith. Tá réiteach ar an ábhar sin, a raibh thart ar 270,000 doiciméad san iomlán ann, ag céim ard os comhair na hArd-Chúirte agus tá an t-imscrúdú ag leanúint ar aghaidh.

*Independent News & Media ("INM")*
Tar éis iarratas a rinne an Stiúrthóir, cheap Uachtarán na hArd-Chúirte ag an am i Meán Fómhair 2018 an tUasal Sean Gillane, SC agus an tUasal Richard Fleck, CBE, chun líon suntasach saincheisteanna imní a bhaineann le INM a fhiosrú. Thug na Cigirí an dara Tuarascáil Eatramhach don Ard-Chúirt an 27 Aibreán 2020.

[4] Contrártha le a. 297 d'Acht na gCuideachtaí 1963 árna leasú agus a. 722 d'Acht na gCuideachtaí 2014
[5] Contrártha le a. 7(1)(a)(ii), 7(1)(b) & 7(3) d'Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010
[6] Contrártha le a. 4 d'Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Goid agus Calaoise) 2001
[7] Contrártha le a. 876 d'Acht na gCuideachtaí 2014
[8] Contrártha le a. 161 and 240 d'Acht na gCuideachtaí 1990 árna leasú agus a. 855 d'Acht na gCuideachtaí 2014
[9] Contrártha le a. 856 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Ar leithligh, i rialú a seachadadh níos luaithe i mbliana, dhíbh an Ard-Chúirt iarratas a rinne an tUasal Leslie Buckley, iarchathaoirleach INM, ar na Cigirí a dhiúltú ar fhorais claonta oibiachtúla.

---

**AN tÚDARÁS FORFHEIDHMITHE CORPARÁIDEACH "(UFC")**

Cuireadh Bille na gCuideachtaí (Údarás Forfheidhmithe Corparáideach) san áireamh i gClár Reachtach Samhradh an Rialtais agus tá sé liostaithe mar mhír tosaíochta don seisiún reachtach reatha. D'eisigh Comhchoiste an Oireachtais um Fhiontar, Trádáil & Fostaíocht a Thuaraisc tar éis grinnscrúdú réamhreachtaíochta ar an mBille an 20 Aibreán 2020. Agus an chéim sin críochnaithe, táthar ag súil go bhfoilseofar an Bille go luath.

Mar ullmhúchán do bhunú an UFC, leanann an OSFC ag idirchaidreamh leis an Tánaiste, an tAire Troy agus lena n-oifigigh.

**OIFIG AN STIÚRTHORA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**23 Meitheamh 2021**

Ba chóir ceisteanna maidir leis an méid sin roimhe seo a dhíriú chuig:


Mr. Conor O'Mahony
Ph No. +353 87 239 7741
Email: conor_omahony@odce.ie